Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 31 Márta 2020
(OR. en)

6270/20

LIMITE

CORLX 91
CFSP/PESC 157
CSDP/PSDC 95
CIVCOM 40
FIN 103
EUAM IRAQ 4
CSC 60

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) |

**CINNEADH (CBES) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869**
**maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh**
**chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 16 Deireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1869[1] lena mbunaítear Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq).

(2) Ar an 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1545[2], lena leasaítear sainordú EUAM Iraq agus lena ndéantar é a fhadú go dtí an 17 Aibreán 2020.

(3) Tar éis an athbhreithnithe straitéisigh ar EUAM Iraq, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go ndéanfaí sainordú EUAM Iraq a leasú agus a fhadú go dtí an 30 Aibreán 2022.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/1869 a leasú dá réir.

---

1 Cinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 266, 17.10.2017, lch. 12).

2 Cinneadh (CBES) 2018/1545 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le misean comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 259, 16.10.2018, lch. 31).

(5) Ba cheart go mbeadh aonad tionscadail ag EUAM Iraq chun tionscadail a shainaithint agus a chur chun feidhme. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram i réimsí a bhaineann le EUAM Iraq, ba cheart go ndéanfadh sé na tionscadail sin a chomhordú, a éascú agus go gcuirfeadh sé comhairle ar fáil i dtaca leo, de réir mar is iomchuí, chun tacú lena chuspóirí.

(6) Cuirfear EUAM Iraq i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagail 2 agus 3:

"*Airteagal 2*
*Cuspóirí*

Is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha EUAM Iraq:

(1) comhairle agus saineolas a chur ar fáil d'údaráis na hIaráice ar leibhéal straitéiseach ionas go sainaithneofar agus go sainmhíneofar na riachtanais i dtaca leis na gnéithe sibhialtacha den Athchóiriú Earnála Slándála i gClár Náisiúnta Slándála na hIaráice agus sna pleananna gaolmhara a chur chun feidhme go comhleanúnach;

(2) anailís agus measúnú a dhéanamh ar dheiseanna ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus na deiseanna sin a shainaithint i gcomhair tuilleadh rannpháirtíochta ón Aontas chun tacú le riachtanais an Athchóirithe Earnála Slándála shibhialta;

(3) bonn eolais a chur faoi phleanáil agus faoi chur chun feidhme an Aontais agus na mBallstát agus an obair sin a éascú; agus

(4) cúnamh a thabhairt do Thoscaireacht an Aontais agus tacaíocht an Aontais agus na mBallstát á comhordú i réimse an athchóirithe earnála slándála shibhialta, lena n-áiritheofar comhleanúnachas ghníomhaíocht an Aontais.

*Airteagal 3*
*Cúraimí*

Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 a chomhlíonadh, comhlíonfaidh EUAM Iraq na cúraimí is gá i gcomhréir lena dhoiciméid pleanála.";

(2) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"1. Is é EUR 17 300 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUAM Iraq a chumhdach don tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2018.

Is é EUR 64 800 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUAM Iraq a chumhdach don tréimhse ón 18 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 17 Aibreán 2020.

Is é EUR 79 500 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUAM Iraq a chumhdach don tréimhse ón 18 Aibreán 2020 go dtí an 30 Aibreán 2022.

Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.";

(3) cuirtear isteach an t-airteagal a leanas:

"*Airteagal 14a*
*Aonad Tionscadail*

1. Beidh Aonad Tionscadail ag EUAM Iraq chun tionscadail a shainaithint agus a chur chun feidhme. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram agus aird chuí á tabhairt ar chreat institiúideach an Aontais i réimsí a bhaineann le EUAM IRAQ, déanfaidh sé na tionscadail sin a chomhordú, a éascú agus cuirfidh sé comhairle ar fáil i dtaca leo, de réir mar is iomchuí, chun tacú lena chuspóirí.

2. Údarófar EUAM IRAQ dul i muinín ranníocaíochtaí airgeadais ó Bhallstáit nó ó thríú Stáit chun tionscadail a chur chun feidhme a shainaithnítear mar thionscadail lena gcomhlánófar gníomhaíochtaí eile EUAM IRAQ ar bhealach comhsheasmhach, más rud é:

   (a) go bhforáiltear don tionscadal sa ráiteas airgeadais a bhaineann leis an gCinneadh seo; nó

   (b) go ndéantar an tionscadal a chomhtháthú sa ráiteas airgeadais le linn sainordaithe EUAM IRAQ trí bhíthin leasú a dhéanamh a d'iarr an Ceann Misin.

Tabharfaidh EUAM IRAQ socrú i gcrích leis na Stáit sin, socrú lena gcumhdófar na nósanna imeachta sonracha chun déileáil le haon ghearán ó thríú páirtithe maidir le damáiste arna dhéanamh mar thoradh ar ghníomhartha nó ar neamhghníomhartha de chuid EUAM IRAQ maidir le húsáid na gcistí arna soláthar ag na Stáit sin. Ní fhéadfaidh na Stáit is ranníocóirí in imthosca ar bith an tAontas ná an tArdionadaí a chur faoi dhliteanas as gníomhartha nó as neamhghníomhartha arna dhéanamh ag EUAM IRAQ agus na cistí arna soláthar ag na Stáit sin á n-úsáid acu.

3. Is faoi réir ghlacadh an Choiste Polaitiúil agus Slándála a thabharfaidh tríú Stáit ranníocaíochtaí don aonad tionscadail.";

(4) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Beidh feidhm aige go dtí an 30 Aibreán 2022.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*